

ddletb



Bord Oideachais agus Oiliúna Dublin and Dún Laoghaire
Átha Cliath agus Dhún Laoghaire Education and Training Board

Grinnfhiosrúchán do Chonraitheoirí BOO

Clár na nÁbhar

Ginearálta	2
Sainmhíniú	2
Struchtúir an Grinnfhiosrúcháin – Pointí Teagmhála	4
An Nós Imeachta Bailíochtaí	4
Iarratas ar Nochtadh Grinnfhiosrúcháin	6
An Próiseas Iarratais - ríomh-ghrinnfhiosrúchán	6
Próiseas Measúnaithe BOO	7
Cosaint Sonraí	8
AGUISÍN 1 – Soiléiriú ar ábhar na ndoiciméad nochtta agus an próiseas achomhairc maidir le Faisnéis Shonraithe.	9

Ginearálta

Ní mór grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar gach duine atá á mheas lena fhostú ag Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliatha agus Dhún Laoghaire (ar a dtabharfar BOOÁC DL ina dhiaidh seo), lena n-áirítear fostaithe díreacha, oibríthe deonacha agus/nó daoine atá ar thaithí oibre, nó ag a Eagraíochtaí Cleamnaithe. Caithfear an grinnfhiosrúchán sin a dhéanamh de réir Bheartas Grinnfhiosrúcháin BOOÁC DL, atá bunaithe ar na hAchtanna um an mBiúro Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016.

Ní mór grinnfhiosrúchán a dhéanamh de réir an Achta thuas, agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta a ordaíonn an Biúro Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, ar aon duine a dhéanann obair nó gníomhaíocht, a bhfuil sé ina pháirt riachtanach agus rialta di rochtain a bheith ag an duine sin ar leanaí nó daoine soghonta, nó go mbíonn sé/sí i dteagmháil le leanaí nó daoine soghonta mar chuid den obair nó gníomhaíocht sin.

Cé nach bhfuil feidhm ag an “Acht” i leith duine a chuidíonn ar bhonn ócáideach ach amháin sa chás go n-áirítear an méid a leanas leis an gcúnamh sin - cóitseáil, meantóireacht, comhairle, múineadh nó oiliúint le haghaidh leanaí nó daoine soghonta, is é fírinne an scéil nach mór measúnú riosca a dhéanamh ar aon duine / eagraíocht a fhaigheann <<Name of ETB>> agus/nó Ball den Lucht Bainistíochta ar conradh lena chinneadh an bhfuil gá le grinnfhiosrúchán.

Ní mór measúnú riosca a dhéanamh sula bhfaightear seirbhísí, ach i gcás éigeandála caithfear an measúnú riosca a dhéanamh a luaithe is féidir agus laistigh de 24 uair an chloig tar éis an tseirbhís a fháil. Maidir leis an riosca atá i gceist le rochtain rialta a bheith ag an duine / eagraíocht atá ar conradh le haghaidh seirbhísí ar leanaí nó aosaigh shoghonta, i gcás ina meastar an riosca sin a bheith ina riosca meánleibhéil nó ardleibhéil ansin ní bhainfear leas as an gconradh / seirbhís nó cuirfear ar ceal é/í go dtí go gcuirfear an grinnfhiosrúchán i gcrích.

I gcúinsí áirithe, ina n-úsáidtear na daoine agus/nó na conraitheoirí céanna go rialta le haghaidh obair ghearrthréimhseach, ní mór measúnú riosca agus an próiseas grinnfhiosrúcháin a chur i bhfeidhm i leith na seirbhísí sin.

Tá foirm um measúnú riosca ar fáil ar leithligh agus ba cheart cóip a choinneáil i ngach Coláiste / Ionad / suíomh agus seolfar cóip ar aghaidh chuig Roinn Acmhainní Daonna <<Name of ETB>> Human Resource Department.

Sainmhínte

Cén sainmhíniú a thugtar ar leanbh?

Chun críocha ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána, is é an sainmhíniú a thugtar ar leanbh ná duine atá faoi bhun 18 mbliana d’aois.

Cén sainmhíniú a thugtar ar dhuine soghonta?

Ciallaíonn duine soghonta duine, seachas leanbh, a bhfuil neamhord meabhrach air nó uirthi, bíodh sé sin mar thoradh ar thinneas meabhrach nó néaltrú; atá faoi mhíchumas intleachtúil; a bhfuil lagú fisiceach air nó uirthi, cibé acu mar thoradh ar ghortú, breoiteacht nó aois; nó atá faoi mhíchumas coirp; atá de chineál nó de mhéid a chuireann srian ar chumas an duine é nó í féin a chosaint ar dhochar ó dhuine eile, nó a fhágann go dteastaíonn ón duine cúnamh le gnáthghníomhaíochtaí laethúla, lena n-áirítear éadaí a chur air nó uirthi féin, ithe, dul ag siúl, nó é nó í féin a ní nó a fholcadh.

Struchtúir an Grinnfhiosrúcháin – Pointí Teagmhála

De réir an “Achta”, d’ainmnigh BOOÁCDL cúpla duine mar “Dhaoine Idirchaidrimh” (DI). Úsáidtear é seo anois in ionad ‘Duine Údaraithe’ mar a úsáideadh roimhe seo. Is é is cuspóir don Duine Idirchaidrimh go mbeadh líon teoranta daoine ag plé leis an bpróiseas grinnfhiosrúcháin agus go gcoinneofaí ionracas na n-oibríochtaí idir na heagraíochtaí agus an Biúró Grinnfhiosrúcháin. Ar an gcaoi sin laghdófar aon dúbailt nach gá agus cuirfear córas oibríúcháin níos simplí ar fáil chun an próiseas fadtéarmaach a bhainistiú.

Foráiltear leis an “Acht” freisin do “Úsáideoirí Cléirigh” (ÚC) a chur ar bun a bheidh sé d’aidhm acu cabhrú leis an bpróiseas grinnfhiosrúcháin a riar, tacú leis an Duine Idirchaidrimh, gníomhú mar phointe teagmhála agus aitheantas na n-iarratasóirí a bhailíochtú. Aithneoidh BOOÁCDL roinnt Úsáideoirí Cléirigh.

Ainmneoidh BOOÁCDL duine mar an Duine Ainmnithe i gColáistí / in Ionaid áirithe chomh maith. Is é is cuspóir don ról sin cuidiú leis an bpróiseas um aitheantas a bhailíochtú agus a chinntiú go gcoinnítear taifid chuí sa Choláiste / san Ionad ar son na heagraíochta. D’fhéadfadh níos mó ná Duine Ainmnithe amháin a bheith i ngach suíomh, mar shampla Príomhoide, Leas-Phríomhoide agus/nó baill foirne riaracháin.

Déanfaidh an Duine Idirchaidrimh, Úsáideoirí Cléirigh nó Duine Ainmnithe an cruthúnas aitheantais a bhailíochtú trí fhéachaint ar an mbunchóip, fótachóip a dhéanamh de agus an fhótachóip a shíniú lena dheimhniú go bhfaca siad an bhunchóip. Ansin déanfaidh an Príomhoide/Bainisteoir an fhoirm grinnfhiosrúcháin comhlánaithe mar aon le fótachóipeanna sínithe de chruthúnas aitheantais a sheoladh ar aghaidh chuig an Duine Idirchaidrimh.

I gcás baill foirne a earcaítear go díreach tríd an gcóras e-Recruit CORE, déanfar grinnfhiosrúchán orthu mar chuid den phróiseas earcaíochta.

An Nós Imeachta Bailíochtaithe

Is ceanglas de réir an “Achta” é aitheantas duine a bhailíochtú le haghaidh grinnfhiosrúcháin. Ionas go bhféadfaí an bailíochtú sin a dhéanamh, beidh ar an duine ar a ndéanfar an grinnfhiosrúchán na doiciméid seo a leanas a chur isteach lena bhfoirm ghrinnfhiosrúcháin;

- Pas nó Ceadúnas Tiomána (formáid nua an chárta creidmheasa) nó Cárta Seirbhísí Poiblí Éireannach
agus
- P.60 / P.45 / duillín pá (a bhfuil seoladh baile air) nó bille fónais úrnua (ní ghlacfar le billí fóin phóca) nó ráiteas Baine / Cumainn Chreidmheasa

De réir mar a mholann an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, úsáidtear an córas aitheantais phearsanta 100 pointe, mura bhfuil duine ábalta aon cheann de na doiciméid thuas a sholáthar. I gcásanna mar sin, úsáidfidh an Duine Ainmnithe an seicliosta 100 pointe chun a chinntiú go gcuirtear doiciméid mhalartacha isteach lena gcomhlíonfar na 100 pointe (foirm ceangailte leis seo).

Maidir le hiontrálaithe nua a earcaítear trí chóras e-recruit BOOÁCDL, etbvacancies.ie, iarrfar na doiciméid thuas mar chuid den phróiseas earcaíochta. Cinnteoidh an Coláiste/Bainisteoir an Ionaid i gcás iontrálaithe nua nach n-earcaítear trí e-Recruit an Bhoird Oideachais agus Oiliúna go gcuirfear in iúl dóibh nach mór an bailíochtú sin a sholáthar, in éineacht lena bhfoirm ghrinnfhiosrúcháin comhlánaithe, go pearsanta don Úsáideoir Cléirigh/Duine Idirchaidrimh is gaire.

Iarratas ar Nochtadh Grinnfhiosrúcháin

Nuair a bheidh measúnú riosca curtha i gcrích agus go gcinneann an Príomhoide / Bainisteoir go bhfuil gá le grinnfhiosrúchán, tabharfar na foirmeacha cuí don duine agus/nó don chonraitheoir (lena n-áirítear fochonraitheoirí agus fostaithe na gconraitheoirí agus na bhfochonraitheoirí araon más ábhartha) chun a bheith rannpháirteach sa phróiseas. Tá sé de fhreagracht ar an bPríomhoide / mBainisteoir a chinntiú go ndéantar grinnfhiosrúchán ar gach conraitheoir agus go gcoinnítear liosta de chonraitheoirí ar a ndearnadh grinnfhiosrúchán iomchuí maidir le gach tionscadal agus / nó socrú leanúnach.

An Próiseas Iarratais - ríomh-ghrinnfhiosrúchán

- Ní mór do na hiarratasóirí an chóip chrua sínithe den Fhoirm Ghrinnfhiosrúcháin comhlánaithe a chur i láthair go pearsanta, lena n-áirítear cruthúnas aitheantais mar atá sonraithe thuas, don Phríomhoide / Bhainisteoir ar an láithreán nó do Bhainisteoir BOO an tionscadail.
- Cinnteoidh an Príomhoide / Bainisteoir go ndéantar na foirmeacha go léir a chomhlánú i gceart, déanfaidh sé/sí fótachóip agus nótaireacht lena dhearbhu go bhfaca sé/sí na bundoiciméid, agus cuirfidh sé/sí **ainm an Choláiste i bhformáid ghiorraithe (túslitreacha an ainm iomláin) agus tagairt na bailce (más infheidhme) sa roinn “Do thag.” sa chúinne ar dheis ag barr na foirme** sula seolfar ar aghaidh í chuig Roinn Acmhainní Daonna BOO lena próiseáil ag an Duine Idirchaidrimh. Beidh an fhaisnéis bhunúsach a bheidh ag teastáil don chóras ríomh-ghrinnfhiosrúcháin le fáil san fhoirm sin
- Déanfaidh an tÚsáideoir Cléirigh / Duine Idirchaidrimh ábhartha na sonraí ar fhoirm na cóipe crua a bhailíochtú agus an fhaisnéis atá inti a údarú agus a ionchur sa chóras ríomh-ghrinnfhiosrúcháin ionas go n-eiseofar cuireadh chuig an iarratasóir.
- Gheobhaidh iarratasóirí nasc tríd an seoladh ríomhphoist a thug siad chun an próiseas grinnfhiosrúcháin a chomhlánú ar líne.
- Ní mór é sin a chomhlánú a luaithe is féidir mar tá an cuireadh am-íogair agus bíonn dáta éaga i gceist leis.
- Má theipeann ar chonraitheoirí a chinntiú go gcuireann na fostaithe agus na fochonraitheoirí go léir a bhfoirmeacha cóipe crua isteach laistigh de thréimhse shonraithe d’fhéadfaí an tairiscint i leith conartha a tharraingt siar agus an conradh a thairiscint don chéad chonraitheoir eile ar an bpainéal.
- Cuirtear doiciméad an nochtadh grinnfhiosrúcháin (**soiléiriú ar an ábhar in Aguisín 1**), ar fáil don Duine Idirchaidrimh i bhformáid leictreonach tríd an gcóras.
- Déanfar doiciméid nochtadh a íoslódáil agus a shábháil go leictreonach chuig fillteán leictreonach.
- Déanfaidh <<Name of ETB>> measúnú ar an nochtadh i gcomhréir leis na treoirí faoi mheasúnú.
- Nuair a chuirfeadh an measúnú i gcrích seolfar cóip ar aghaidh chuig an duine go leictreonach tríd an seoladh ríomhphoist a soláthraíodh don Duine Idirchaidrimh mar aon le deimhniú ar an measúnú.
- Cuirfeadh toradh an mheasúnaithe in iúl do Bhainisteoirí ábhartha BOO nuair is gá sin.

- Cuirfear ainmneacha na mball foirne a cheadófar ar láithreáin BOO in iúl do chonraitheoirí ach ní chuirfear aon ábhar a nochtadh in iúl dóibh.
- Beidh sé de fhreagracht ar an bPríomhoide / mBainisteoir a sheiceáil go rialta go ndearnadh grinnfhiosrúchán iomchuí ar na conraitheoirí go léir ar an láithreán agus go bhfuair siad cead ó BOOÁCDL a bheith ar an láithreán.

Próiseas Measúnaithe BOO

- Cuirfear an t-eolas go léir arna nochtadh ag an mBiúró san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar oiriúnacht an duine atá mar ábhar an nochtadh chun an obair nó gníomhaíochtaí ábhartha a chomhlíonadh.
- Ní cheadófar do chonraitheoirí tús a chur le gníomhaíochtaí nó obair ábhartha ar son na heagraíochta go dtí go gcuirfear an measúnú i gcrích. Mura bhfaightear grinnfhiosrúchán sásúil féadfar an Conradh a tharraingt siar ón gconraitheoir láithreach nó féadfar a mholadh don chonraitheoir duine eile a chur isteach chun an obair ar Conradh a dhéanamh.
- Cinnfidh BOOÁCDL cibé an bhfuil grinnfhiosrúchán sásúil nó nach bhfuil agus beidh na cinní críochnaitheach

Agus measúnú á dhéanamh ar ábhair doiciméid nochtadh maidir le Taifid Choiriúla agus/nó Faisnéis Shonraithe cuirfear an méid seo a leanas i bhfeidhm;

A. Gan Aon Chiontú ar Taifead

I gcás nach bhfuil aon chiontú ar taifead déanfar an tairiscint fostaíochta a dheimhniú (ar choinníoll gur comhlíonadh na coinníollacha eile go léir a bhaineann leis an tairiscint).

B. Taifead Coiriúil

Ciallaítear an méid a leanas le taifead coiriúil i ndáil le duine –

- a) Taifead ar chiontuithe an duine, cibé an raibh siad laistigh den Stát nó lasmuigh de, maidir le cionta coiriúla ar bith, in éineacht le haon orduithe coimhdeacha nó iarmhartacha a rinneadh de bhun na gciontuithe sin, agus/nó
- b) Taifead ar aon ionchúisithe atá ar feitheamh in aghaidh an duine sin, cé acu an raibh siad laistigh den Stát nó lasmuigh de, maidir le cion coiriúil ar bith.

1) *Cionta Mótarthrachta:*

Go ginearálta, fiú nuair a nochtar cionta mótarthrachta ní bheidh aon tionchar aige sin ar cheapachán chuig post agus/nó seirbhísí ach amháin sa chás go bhfuil an duine sin á mheas le haghaidh poist / seirbhíse dá mbeidh ceadúnas glan tiomána ag teastáil. Sna cásanna sin déanfar iad a eisiamh go huathoibríoch ó cheapachán chuig an bpost agus/nó ó na seirbhísí

2) *Mionchionta Oird Phoiblí:*

Na cionta seo a leanas faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994

:

- Alt 4 (Meisce),
- Alt 5 (Iompar mí-ordúil),
- Alt 6 (Iompraíocht bhagrach, mhaslach nó tharcaisneach),
- Alt 7 (Ábhar atá colúil a dháileadh nó a chur ar taispeáint),

- Alt 8 (Mainneachtain ordachán ó chomhalta den Gharda Síochána a chomhlíonadh),
- Alt 9 (Bac toiliúil).

Maidir le haon nochtadh ina bhfuil taifead coiriúil, i ndáil le Mionchionta Oird Phoiblí, cuirfidh an Bainisteoir atá i gCeannas ar Ghrinnfhiosrúchán agus Stiúrthóir Seirbhísí an nochtadh sin faoi chaibidil i ndáil leis an bpost / na seirbhísí ar chuir an duine sin isteach air/orthu. Déanfaidh na cinnteoirí an riosca féideartha a bhaineann leis an gcion a phlé agus d'fhéadfaidís cinneadh a dhéanamh buaileadh leis an duine atá i gceist chun faisnéis bhreise a iarraidh. Nuair a bheidh na cinnteoirí sásta go bhfuil an fhaisnéis ábhartha go léir acu déanfar cinneadh maidir le cibé an dtabharfar cead don duine sin rochtain a fháil ar láithreán BOO nó nach dtabharfar agus cuirfear an cinneadh sin in iúl.

C. Faisnéis Shonraithe

I gcás faisnéis shonraithe i ndáil le duine atá mar ábhar iarratais ar nochtadh grinnfhiosrúchán, is é a bhíonn i gceist ná faisnéis a bhaineann le cinneadh nó líomhain go ndearna sé/sí díobháil do dhuine eile, a fuair an Biúro ó –

- An Garda Síochána de bhun imscrúdaithe ar chion nó de bhun aon fheidhme eile arna tabhairt don Gharda Síochána de réir achtaithe ar bith nó faoin dlí coiteann

Nó

- eagraíocht sceidealaithe de bhun Alt 19 den Acht

Maidir leis an duine agus atá de chineál a bheadh ina chúis imní réasúnach bona fide go bhféadfadh an duine sin –

- díobháil a dhéanamh do leanbh nó duine soghonta,
- a bheith ina chúis le díobháil a dhéanamh do leanbh nó duine soghonta,
- leanbh nó duine soghonta a chur i mbaol,
- iarracht a dhéanamh chun díobháil a dhéanamh do leanbh nó duine soghonta, nó
- duine eile a spreagadh chun díobháil a dhéanamh do leanbh nó duine soghonta.

Ciallóidh nochtadh faisnéise sonraithe go n-eisiafar an duine go huathoibríoch ó cheapachán agus/nó sheirbhísí i bhfianaise an bhoinn ar a soláthraíonn an Biúro Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an fhaisnéis shonraithe sin agus go dtugtar ceart achomhairc don duine chun achomharc a dhéanamh le Príomh-Oifigeach an Bhiúro.

Cosaint Sonraí

Ní dhéanfar aon fhaisnéis a fhaigheann BOOÁCDL maidir le grinnfhiosrúchán a úsáid ná a nochtadh chun críche ar bith seachas measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht an duine don cheapachán agus / nó do na seirbhísí.

Coinneofar na taifid go léir i gcomhréir le Beartas Cosanta Sonraí agus Sceidil Coinneála Taifead an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Coinneofar taifid an chonraitheora maidir le Grinnfhiosrúchán ar feadh thréimhse an chonartha i ndáil le tionscadail shonracha, lena n-áirítear suas go dtí an síniú deiridh ag deireadh na tréimhse fabhtanna, tráth a ndéanfar an fócaíocht choinneála (deiridh) chuig an gconraitheoir nó ar feadh tréimhse nach faide ná 4 bliana i gcásanna ina n-aithnítear go mbeidh na seirbhísí ag teastáil ar bhonn rialta (i.e. mionoibreacha cothabhála).

AGUISÍN 1 – Soiléiriú ar ábhar na ndoiciméad nochtá agus an próiseas achomhairc maidir le Faisnéis Shonraithe.

Doiciméad Nochtá Grinnfhiosrúcháin

Áireofar an méid seo a leanas i ndoiciméad nochtá grinnfhiosrúcháin i ndáil leis an duine atá mar ábhar an iarratais ar nochtadh grinnfhiosrúcháin –

- Sonraí na gníomhaíochta coiriúla (más ann di) a bhaineann leis an duine, agus ráiteas ar an bhfaisnéis shonraithe (más ann di) a bhaineann leis an duine a chinn Príomh-Oifigeach an Bhiúró gur cheart í a nochtadh de réir an “Achtá”.

Nó

- Ráiteas ina luaitear nach bhfuil aon taifead coiriúil ná faisnéis shonraithe ann maidir leis an duine sin.

Taifead Coiriúil

Ciallaítear an méid a leanas le taifead coiriúil i ndáil le duine –

- a) Taifead ar chiontuithé an duine, cibé an raibh siad laistigh den Stát nó lasmuigh de, maidir le cionta coiriúla ar bith, in éineacht le haon orduithe coimhdeacha nó iarmhartacha a rinneadh de bhun na gciontuithé sin, agus/nó
- b) Taifead ar aon ionchúisithe atá ar feitheamh in aghaidh an duine sin, cé acu an raibh siad laistigh den Stát nó lasmuigh de, maidir le cion coiriúil ar bith.

Faisnéis Shonraithe

I gcás faisnéis shonraithe i ndáil le duine atá mar ábhar iarratais ar nochtadh grinnfhiosrúcháin, is é a bhíonn i gceist ná faisnéis a bhaineann le cinneadh nó líomhain go ndearna sé/sí díobháil do dhuine eile, a fuair an Biúró ó –

- An Garda Síochána de bhun imscrúdaithe ar chion nó de bhun aon fheidhme eile arna tabhairt don Gharda Síochána de réir achtaithe ar bith nó faoin dlí coiteann

nó

- eagraíocht sceidealaithe de bhun Alt 19 den Acht

maidir leis an duine agus atá de chineál a bheadh ina chúis imní réasúnach bona fide go bhféadfadh an duine sin –

- vi. díobháil a dhéanamh do leanbh nó duine soghonta,
- vii. a bheith ina chúis le díobháil a dhéanamh do leanbh nó duine soghonta,
- viii. leanbh nó duine soghonta a chur i mbaol,
- ix. iarracht a dhéanamh chun díobháil a dhéanamh do leanbh nó duine soghonta, nó
- x. duine eile a spreagadh chun díobháil a dhéanamh do leanbh nó duine soghonta.

Measúnú a Dhéanamh ar Fhaisnéis Shonraithe

Ní dhéanfar cinneadh chun faisnéis shonraithe a nochtadh ach amháin sa chás go gcreideann Príomh-Oifig an Bhiúró go bhfuil an fhaisnéis sin de chineál a bheadh ina chúis imní réasúnach bona fide go bhféadfadh an duine atá mar ábhar an ghrinnfhiosrúcháin díobháil a dhéanamh do leanbh nó duine soghonta nó iarracht a dhéanamh chun díobháil a dhéanamh do leanbh nó duine soghonta nó leanbh nó duine soghonta a chur i mbaol díobhála. Caithfidh Príomh-Oifigeach an Bhiúró a bheith sásta freisin go bhfuil an nochtadh riachtanach, comhréireach agus réasúnta sna cúinsí chun leanaí nó daoine soghonta a chosaint.

Cuirfidh Príomh-Oifigeach an Bhiúró in iúl don té atá mar ábhar an ghrinnfhiosrúcháin i scríbhinn go bhfuil sé beartaithe aige/aici faisnéis shonraithe a nochtadh ina leith agus tabharfaidh an Príomh-Oifigeach achoimre ar an bhfaisnéis shonraithe dó/di. Cuirfear in iúl don duine atá mar ábhar an ghrinnfhiosrúcháin freisin go bhféadfadh sé/sí aighneacht i scríbhinn a chur isteach maidir leis an bhfaisnéis shonraithe lena mbaineann.

Má tá duine míshásta le cinneadh Phríomh-Oifigeach an Bhiúró, féadfaidh sé/sí, tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis an dáta ar seoladh fógra chuig an duine sin maidir leis an gcinneadh, achomharc a dhéanamh le hOifigeach Achomhairc in aghaidh an chinnidh.

D'fhéadfadh an tOifigeach Achomhairc an méid seo a leanas a dhéanamh agus achomharc á mheas aige/aici –

- Cinneadh Phríomh-Oifigeach an Bhiúró a dhearbhu, go hiomlán nó i bpáirt, nó
- Cinneadh Phríomh-Oifigeach an Bhiúró a chur i leataobh go hiomlán nó i bpáirt agus cinneadh eile a chur ina ionad de réir mar a mheasann an tOifigeach Achomhairc a bheith iomchuí.

Cuirfidh an tOifigeach Achomhairc a chinneadh/cinneadh i ndáil le hachomharc, agus na cúiseanna leis an gcinneadh sin, in iúl don achomharcóir agus do Phríomh-Oifigeach an Bhiúró i scríbhinn. Beidh páirtí le hachomharc ábalta achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phointe dlí agus beidh an t-achomharc sin críochnaitheach agus conclúideach.